

AN SGÉALOIDHE I SASANA

Nuair a chuaidh Mícheál Breathnach an sgéalaidhe go Sasana ní raibh sé i ndon an páipéar a léigheadh ach go dona. Bheadh sé ag iarraidh an páipéar a léigheadh san oidhche san teach lóisdín a raibh sé ach chinnfeadh go leor de an focla air. Bhíodh duine eile sa teach lóisdín a léigheadh an páipéar os ard, agus na focla a bhíodh cinnte ar Mhícheál chloisfeadh sé iad da rádh agus ag an duine eile seo. Léigheadh sé féin an páipéar annsin ar ais aríst dó féin agus agus bhíodh na focla cruaidh aige. Cheannuigh sé copybook agus bhíodh píosaí Béarla dá sgríobhadh as an bpáipéar aige san oidhche agus é ag iarraidh Béarla a fhoghlaim.

Is dóigh leis gur caillteannas mór dó gan bheith i ndon Gaedhilge a sgríobhadh agus a léigheadh. Ghoill sé go mór air nár eirigh leis aon sgolaidheacht a fhágáil mar fuair an dreatháir ba sine agus agus an dreatháir ab óige. Ach níor leig sé an Ghaedhilge thairis. Bhíodh cluas air ag éisteacht leis an sgéalta agus chleacht sé cuimhne a choinneál ortha. Ba mhór an cleachtadh don chuimhne é sin. Is beag feidhm a baintear as an gcuimhne ins na sgoileanna mar baintí fadó. D'fhágainn na sgéalta na dánta agus an teagasg Críostaidhe don chultúr Gaedhalach, agus choinnigh na daoine iad sin gan aon sgoil a bheith aca, agus choinnigheadar an ceol. Do réir mar bhí ag eirghe leis na sgoileanna bhí sgéalta agus dánta, amhráin agus ceol a'dul ar gcúl agus tá an meath i gcomhnaidhe ar siubhal agus beidh sé ar siubhal go mbaintear feidhm as an gcuimhne i gcúrsaí foghlumtha. Tá seandaoine fós ann a bhfuil an teagasg Críostaidhe de ghlan-mheabhair aca.

Nach mó go mór an léigheann atá ag Mícheál Breathnach ná fear tuaithe dá chomhaois a tógadh le Béarla.

Ba mhaith an áit an Mám ariamh le haghaidh sgéalta agus seanchus. Bhí sé ón mbealach ón achréidh siar go dtí iarthar Chonamara. Na bádóirí ó Ghaillimh bhídís a' fanacht corr-oidhche ann. D'fhanadh Domhnall Ó Finn ann.

24/8/1933